

Eolaí Óg na Bliana

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhac léinn scoile as Coláiste Choilm atá ina Eolaí Óg na Bliana 2018. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin gcomórtas *Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT* leis an duine in aice leat.



Ceist 2

Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/frásaí ar dheis?

1. fáilte chroíúil	a) <i>tackle diseases and sicknesses</i>
2. bronnadh an gradam	b) <i>antibiotic</i>
3. dul i ngleic le galair agus tinnis	c) <i>ten times/rounds</i>
4. comhghleacaithe	d) <i>cordial welcome</i>
5. taighde	e) <i>famous</i>
6. tréithe frithsheasmhacha	f) <i>research</i>
7. frithbheathach	g) <i>waiting</i>
8. sa dúchas aige	h) <i>resistant qualities</i>
9. athair críonna	i) <i>in his blood/nature</i>
10. deich mbabhta	j) <i>the award was presented</i>
11. iomráiteach	k) <i>grandfather</i>
12. ag feitheamh	l) <i>peers/colleagues</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3

Freagair na ceistanna thíos.

1. Cén aois atá Simon Meehan agus cá bhfuil sé ar scoil?

2. Bain úsáid as na focail thíos chun cur síos gearr a dhéanamh ar thaighde Simon.

plandaí, tréithe frithsheasmhacha, frithbheathach, baictéir, Staphylococcus aureus agus MRSA

3. Cé a chuidigh leis an taighde a dhéanamh?
4. An bhfuair Coláiste Choilm a leithéid de dhuais riamh?

Ceist 4 ‘...fáilte chroíúil...’

Críochnaíonn a lán aidiachtaí le **-úil** agus **-iúil**. Féach ar na samplaí thíos agus ansin líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den aidiacht.

<i>bean chroíúil</i>		<i>mná croíúla</i>
<i>amhrán croíúil</i>		<i>amhráin chroíúla</i>

suimiúil	→	fear _____	fir _____
cairdiúil	→	tiománaí _____	tiománaithe _____
rathúil	→	bliain _____	blianta _____
tuirsiúil	→	maidin _____	maidineacha _____
bródúil	→	gasúr _____	gasúir _____

Ceist 5 Is minic tionchar an Bhéarla ar chaint na Gaeilge, ar an drochuair. Cuir Gaeilge ar na focail Bhéarla thíos a chloistear go minic i gcaint na Gaeilge.

<i>because</i>	_____
<i>now</i>	_____
<i>but</i>	_____
<i>you know</i>	_____
<i>just</i>	_____
<i>so</i>	_____

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil suim agat san eolaíocht? Cén fáth?
2. Cén tábhacht a bhaineann leis an gcomórtas *Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT*, dar leat?
3. Cén tábhacht a bhaineann leis an luibheolaíocht, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
d	j	a	l	f	h	b	i	k	c	e	g

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

fear suimiúil	fir shuimiúla
tiománaí cairdiúil	tiománaithe cairdiúla
bliain rathúil	blianta rathúla
maidin thuirsiúil	maidineacha tuirsiúla
gasúr bródúil	gasúir bhródúla

Ceist 5

<i>because</i>	mar, de bhrí, cionn is, mar gheall ar, toisc
<i>now</i>	anois
<i>but</i>	ach
<i>you know</i>	tá a fhios agat
<i>just</i>	go díreach
<i>So...</i>	mar sin, ar an gcaoi sin

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Cuireadh fáilte chroíúil roimh Eolaí Óg na Bliana, Simon Meehan, i gColáiste Choilm i mBaile an Chollaigh, i gContae Chorcaí ar maidin. Bronnadh an gradam ar an mac léinn, atá cúig bliana déag d'aois, as an taighde atá déanta aige ar phlandaí éagsúla agus a gcumas dul i ngleic le galair agus tinnis.

Seán Mac an tSíthigh

Lá dá shaol, Eolaí Óg na Bliana, Simon Meehan, agus an chreach á taispeáint¹ aige dá chomhghleacaithe scoile i gColáiste Choilm, Baile an Chollaigh. Bhí a chuid taighde dírithe ar na tréithe frithsheasmhacha in aghaidh galair atá ag plandaí áirithe.

Niamh Ní Dhrisceoil, Múinteoir Eolaíochta, Coláiste Choilm

Go bunúsach, an rud atá sé tar éis a dhéanamh ná go bhfuil sé tar éis teacht ar thrí fhrithbheathach éagsúla² a bhfuil éifeacht acu in aghaidh baictéar, baictéir áirithe ar nós *Staphylococcus aureus*, MRSA agus baictéir eile a bhfuil an ... a théann i bhfeidhm go mór ar othair le *cystic fibrosis*³.

Seán Mac an tSíthigh

An eolaíocht sa dúchas aige, ghabh sé buíochas as an tacaíocht a fuair sé óna mháthair, bitheolaí, agus óna athair críonna, luibheolaí.

Tá Eolaí Óg na Bliana bainte amach ag Corcaigh deich mbabhta ó cuireadh tús leis an gcomórtas, ach is é seo an chéad uair an gradam iomráiteach seo a bheith tagtha go Coláiste Choilm.

Daithí Ó Gallchóir, Leas-Phríomhoide, Coláiste Choilm

Táimid chomh bródúil as Simon, *because* táimid ag feitheamh le fada an lá chun é seo a bhuachan⁴. *Now*, táimid tar éis cúpla dara háit a fháil agus tá múinteoirí tar éis duaiseanna a bhuachan chomh maith, [ach] ba é seo an chéad uair atáimid⁵ tar éis an ceann is tábhachtaí a bhuachan.

Seán Mac an tSíthigh

Agus níl deireadh déanta ag Simon go fóill.

"I'd love to be able to say that I found a major, major effect against MRSA and I'd love to be able to benefit patients in hospitals..."

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Baile an Chollaigh.

¹ á thaispeáint a dúradh

² frithbheathaigh éagsúil a dúradh

³ fiobróis chisteach an leagan Gaeilge

⁴ a bhuachaint a dúradh

⁵ go bhfuilimid a dúradh